2026/690

23.3.2026

TREOIRLÍNE (AE) 2026/690 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 22 Eanáir 2026

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2016/65 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) *(BCE/2026/2)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1, an chéad fhleasc, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3 agus 18.2 agus Airteagal 20, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 18.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE), mar aon le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (na 'BCNanna' anseo feasta) oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstitiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar bhonn comhthaobhachta leordhóthanaí. Leagtar síos na coinníollacha ginearálta faoina mbeidh BCE agus na BCNanna réidh chun dul i mbun oibríochtaí creidmheasa, lena n-áirítear na critéir lena gcinntear incháilitheacht na comhthaobhachta chun críocha oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais i dTreoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([1]).

(2) Tá gach sócmhainn incháilithe le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais faoi réir bearta rialaithe riosca sonracha chun an Eurochórais a chosaint ar chaillteanais airgeadais i gcúinsí ina gcaithfear an chomhthaobhacht a réadú mar gheall ar mhainneachtain contrapháirtí. Déantar athbhreithnithe rialta ar chreat rialaithe riosca an Eurochórais chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, as a n-eascraíonn leasuithe de réir mar is gá ar na gníomhartha dlí ábhartha, chun torthaí na n-athbhreithnithe sin a léiriú.

(3) Chinn an Chomhairle Rialaithe an 29 Samhain 2024 comhchuibhiú agus simpliú níos fearr a chothú le haghaidh chreat comhthaobhachta an Eurochórais, agus fairsinge an chreata á caomhnú ag an am céanna. Is éard atá i gceist leis an gcinneadh sin, *inter alia*, cineálacha áirithe sócmhainní sealadacha a bhfuil glacadh leo faoin gcreat sealadach a chomhtháthú sa chreat ginearálta comhthaobhachta, eadhon (a) sócmhainní indíolta arna n-ainmniú i ndollair SAM, i bpuint steirling agus i yen na Seapáine; agus (b) urrúis de bhun sócmhainní a bhfuil an dara rátáil is fearr acu ar chéim 3 den cháilíocht chreidmheasa ar scála rátála comhchuibhithe an Eurochórais agus a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a shonraítear sa chreat sealadach comhthaobhachta.

(4) Is gá soiléiriú a dhéanamh ar an gcaolchorrlach luachála a chuirtear i bhfeidhm ar éilimh chreidmheasa a n-áirítear iontu rogha chun an cineál íocaíochta úis a mhodhnú nó an fhéidearthacht go dtiocfadh athrú ar an gcineál íocaíochta úis má tharlaíonn teagmhas réamhshainithe, le linn thréimhse a mbailíochta.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/35) ([2]) a leasú dá réir sin,

([1]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2015/510/oj).

([2]) Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2015 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) (IO L 14, 21.1.2016, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2016/65/oj).

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35) mar a leanas:

(1) In Airteagal 4, cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

'(aa) beidh sócmhainní indíolta arna n-ainmniú i bpuint steirling, yen nó dollar SAM faoi réir marcáil luachála bhreise: (a) 16 % ar shócmhainní atá ainmnithe i bpunt steirling nó i ndollair SAM; agus (b) 26 % ar shócmhainní atá ainmnithe in yen,';

(2) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) in mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) ní bheidh an caolchorrlach luachála a chuirtear i bhfeidhm ar éileamh creidmheasa le níos mó ná cineál amháin íocaíochta úis ag brath ach ar na híocaíochtaí úis le linn na ré atá fágtha den éileamh creidmheasa. Má tá níos mó ná cineál amháin íocaíochta úis ann le linn na ré atá fágtha den éileamh creidmheasa, déileálfar leis na híocaíochtaí úis atá fágtha mar íocaíochtaí ar ráta seasta, agus is í aibíocht iarmharach an éilimh chreidmheasa an aibíocht ábhartha don chaolchorrlach. Má tá aon rogha sa chomhaontú maidir le héileamh creidmheasa chun an cineál íocaíochta úis a athrú le linn shaolré an éilimh creidmheasa atá fágtha, nó má dhéantar foráil sa chomhaontú maidir le héileamh creidmheasa maidir le haon athrú ar an gcineál íocaíochta úis le linn shaolré an éilimh creidmheasa atá ag brath ar theagmhas réamhshainithe a bheith ann, láimhseálfar na híocaíochtaí úis atá fágtha mar íocaíochtaí ar ráta seasta freisin, agus is í aibíocht iarmhair an éilimh creidmheasa an aibíocht ábhartha le haghaidh an chaolchorrlaigh.';

(b) scriostar míreanna 5 agus 7;

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tábla 2a:

'Tábla 2a

Leibhéil chaolchorrlaigh luachála curtha i bhfeidhm ar shócmhainní indíolta incháilithe i gcatagóir chaolchorrlaigh V

(in %)

Cáilíocht chreidmheasa	Meanré ualaithe (*)	Catagóir V Caolchorrlach luachála
Céimeanna 1 agus 2	[0,1)	4,0
	[1,3)	5,0
	[3,5)	7,0
	[5,7)	9,0
	[7,10)	12,0
	[10,15)	18,0
	[15,30)	20,0
	[30, ∞)	22,0

(in %)

Cáilíocht chreidmheasa	Meanré ualaithe (*)	Catagóir V Caolchorrlach luachála
Céim 3	[0,1)	7,0
	[1,3)	10,0
	[3,5)	13,0
	[5,7)	15,0
	[7,10)	18,0
	[10,15)	27,0
	[15,30)	31,0
	[30, ∞)	33,0

(*) i.e. [0,1) WAL níos lú ná bliain amháin, [1,3) WAL cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná trí bliana, srl.'

Airteagal 2

Teacht in éifeacht agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo in éifeacht lá an fhógra a fháil ag BCNanna.

2. Glacfaidh na BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 30 Márta 2026. Tabharfaidh siad fógra faoi na téacsanna agus faoi na meáin a bhaineann leis na bearta sin do BCE faoin 4 Márta 2026 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 22 Eanáir 2026.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE